www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 1

## An Pholaitíocht Chomparáideach

**[AQ211]**

AQ211

**DÉ hAOINE 21 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

2 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRI**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **Rogha B**: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann.

As na ceisteanna sa rogha agat, déan staidéar ar an fhoinse atá ar fáil agus freagair ceisteanna **1** go **4** agus ceachtar acu **5(a)** nó **5(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1, 3, 4** agus **5**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist. Ón rogha atá roghnaithe agat, ba chóir duit tuairim is **40 nóiméad** a chaitheamh ag freagairt ceist **1** i Rannán A.
Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse sula dtugann tú faoin cheist a fhreagairt agus tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagra.

www.xtrapapers.com

## Rogha B: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann

### Rannán A: Bunreacht na hÉireann

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair an cheist a leanann:**

**Foinse**

Rinneadh Bunreacht na hÉireann a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil. An rud atá le sonrú ó na hathbhreithnithe seo, an ceann is déanaí a rinne Grúpa Athbhreithnithe an Bhunreachta agus an dá Choiste Oireachtais Uile-Pháirtí a bhí ann roimhe san áireamh, gur doiciméad iontaofa go bunúsach é an bunreacht a bhfuil meas an phobail tuillte aige agus atá ag freastal go maith orthu. Tugann na hathbhreithnithe le tuiscint, áfach, chomh maith leis na trí leasú is fiche atá curtha i bhfeidhm cheana féin, go bhfuil a thuilleadh leasuithe riachtanach nó inmhianaithe leis an bhunreacht a athnuachan ina iomláine.

*Arna chur in oiriúint ó: Coiste Uile-Pháirtí an Oireachtais ar an mBunreacht. www.Constitution.ie*

1 Agus tagairt á déanamh agat don fhoinse agus d’ábhar ábhartha eile a ndearna tú staidéar air, pléigh an dearcadh gur “doiciméad iontaofa go bunúsach é” an bunreacht atá ag freastal go maith ar mhuintir na hÉireann. [30]

www.xtrapapers.com

**Rannán B: Rialtas sa RA agus i bPoblacht na hÉireann**

**Freagair gach ceann de na ceithre cheist.**

**2** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma "comhfhreagracht". Bíodh sampla ábhartha agat le tacú le do fhreagra. [5]

**3** Mínigh cad chuige a gcaitheann TDanna an oiread sin ama ar obair toghcheantair. [10]

**4** Cuir ballraíocht agus feidhmeanna Theach na dTiarnaí agus Seanad Éireann i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Tá rialtais na Breataine daingean agus buan ach tá rialtais na hÉireann lag agus bíonn an claonadh ann i gcónaí go gclisfidh siad." Cén fhírinne atá sa dearcadh seo? [30]

**Nó**

**(b)** "Is éifeachtaí go mór mar a dhéantar an feidhmeannas a iniúchadh sa RA ná mar a dhéantar é i bPoblacht na hÉireann." Cén fhírinne atá sa dearcadh seo. [30]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.